**Cód:** QA130
**Teideal:** Polasaí Breisoideachais (FEP) do Chomhaltaí Foirne Ollscoil na Gaillimhe
**Dáta Athbhreithnithe:** 1 Meitheamh 2021
**Faofa ag:** UMT

## 1.0 Réamhrá

Tá Ollscoil na Gaillimhe meáite ar thacaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne atá ag tabhairt faoi chláir oideachais chun cur lena bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta. Tá an gealltanas seo faoi réir luachanna straitéiseacha na hOllscoile, agus is ann dó chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as cumas agus as forbairt na foirne.

## 1.1. Cuspóir

Moltar do chomhaltaí foirne tabhairt faoi bhreisoideachas/faoi bhreisoiliúint. Is féidir é sin a dhéanamh trí chúrsa nó clár intí a dhéanamh a mbeidh cáilíochtaí le fáil as agus a chuireann leis an gcaoi a ndéanann comhaltaí foirne a gcuid oibre agus a chuireann lena bhforbairt agus lena bhfeidhmíocht ghairmiúil agus phearsanta. Ba cheart go mbeadh aon chlár oiliúna agus forbartha den sórt sin a dhéantar ag teacht le tuairisc bhliantúil PMDS an chomhalta foirne, nó le moladh i ndáil le forbairt a dhéanamh tar éis plé le bainisteoir líne/Ceann Scoile an chomhalta foirne.

## 1.2. Grúpa Polasaí Breisoideachais

Déanfaidh an t-aonad Foghlama agus Forbartha (an Oifig Acmhainní Daonna) an scéim a riar tríd an ngrúpa Polasaí Breisoideachais; déanfaidh an grúpa seo iarratais a gheofar faoin scéim a mheas. Páirteach sa ghrúpa Polasaí Breisoideachais beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna (Cathaoirleach), an Leas-Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Stiúrthóir na Cuntasaíochta Airgeadais agus beirt ionadaithe foirne ceardchumainn (comhalta den fhoireann acadúil agus comhalta den fhoireann tacaíochta acadúla). Déanfaidh an t-aonad Foghlama agus Forbartha iarracht a chinntiú go gcaithfear go cóir agus go cothrom le gach iarratas.

## 1.3. Incháilitheacht

Caithfidh iarratasóirí bliain amháin seirbhíse agus a dtuairisc phromhaidh a bheith curtha isteach go sásúil acu sula ndéanann siad iarratas.

Níl comhalta foirne i dteideal iarratas a dhéanamh má tá sé/sí ar Shaoire Speisialta/Sos Gairme nó má tá rún aige/aici cur isteach ar cheann de na scéimeanna sin sa tréimhse ina bhfuil maoiniú á lorg.

Tá comhaltaí foirne páirtaimseartha nó comhaltaí foirne atá ag postroinnt i dteideal iarratas a dhéanamh ach ní féidir leis an íoslíon uaireanta oibre a dhéanann siad de réir a gconartha a bheith níos ísle ná 20% d’uaireanta oibre

a gcoibhéise lánaimseartha (FTE).

Tá comhaltaí foirne atá ar chonarthaí fostaíochta ar Théarma Socraithe nó Sainchuspóra i dteideal iarratas a dhéanamh ar thacaíocht sa tréimhse a luaitear ina gconradh fostaíochta (agus gan dul thar an tréimhse sin); cuirfear síneadh ama leis an tréimhse ina bhfuil siad i dteideal tacaíocht a fháil má dhéantar an conradh a athnuachan nó má chuirtear síneadh ama leis.
Tabharfar tosaíocht do chomhaltaí foirne a dhéanann iarratas ar an scéim den chéad uair nó dóibh siúd nár bhain leas as an scéim le cúig bliana anuas.

**1.4. Critéir maidir le Tacaíocht Mhaoinithe**

Tá sé mar aidhm leis an scéim tacú le comhaltaí foirne atá ag tabhairt faoi chláir staidéir a bhfuil cáilíocht chreidiúnaithe ag Leibhéal 6 nó os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) http://www.nfq.ie le fáil astu.(Féach Aguisín 1 má tá tú ag iarraidh rangú na gclár a áirítear faoin scéim seo a fheiceáil). Áirítear anseo cláir a ndéanann comhlachtaí gairmiúla creidiúnú orthu agus cáilíochtaí ó Institiúidí Oideachais go leibhéal dochtúireachta, agus na cáilíochtaí dochtúireachta sin san áireamh.

Tá an Ollscoil ag iarraidh an rangú taighde agus foilseachán atá aici ar tháblaí sraithe idirnáisiúnta a fheabhsú agus fáiltíonn sí roimh iarratais ag leibhéal 9 agus 10 ar an NFQ.

Beidh maoiniú do chláir staidéir lasmuigh den Ollscoil ag brath ar na srianta a bheidh ar an mbuiséad, agus beidh gá le cómhaoiniú 50% ó aonad an chomhalta foirne ina leith. Beidh sé de cheangal ar gach Coláiste roinnt áiteanna leithdháilte a chur ar fáil ar chláir a bheidh le deonú don fhoireann tríd an scéim FEP, i gcás na n-áiteanna sin, ní chaithfear táille an chúrsa a íoc.

**1.5. Iarratais**

Ba chóir go mbeadh iarratas ó chomhalta foirne ar cháilíochtaí breise mar thoradh ar phlé lena b(h)ainisteoir líne/C(h)eann Scoile trí PMDS nó cruinnithe maidir le torthaí ar thréimhse phromhaidh etc. Is féidir iarratas a dhéanamh chun tacú le fostaí:

- a ról san Ollscoil a chur i gcrích;
- ina f(h)orbairt ghairmiúil nó
- má mheasann an comhalta foirne aonair agus an Ollscoil/Coláiste/Scoil nó an tSeirbhís Tacaíochta go bhfuil sé inmhianaithe.

Tá iarratais a thagann faoin gcatagóir seo incháilithe tabhairt faoi chúrsa a thairgtear in Ollscoil na Gaillimhe agus ní bheidh aon táille le híoc.

I gcás cláir sheachtracha ba cheart cás gnó a dhéanamh. Cinnfear an t-am a bheidh ar fáil le freastal ar chláir theagaisc agus le hobair chúrsa a dhéanamh trí chomhaontú idir an té atá i gceist agus a C(h)eann Aonaid.[1]

**Tabhair faoi deara:** Aithnítear i bhformhór na gcásanna go rachaidh cáilíochtaí breise acadúla nó gairmiúla chun tairbhe don Ollscoil nó do raon oibre an iarratasóra agus go rachaidh siad chun sochair d’fhorbairt phearsanta agus

---

[1] Is ionann Ceann Aonaid agus Déan an Choláiste, Ceann Scoile, Stiúrthóir/Bainisteoir Seirbhísí Tacaíochta, Stiúrthóir, Príomhthaighdeoir

ghairmiúil an té atá i gceist chomh maith.

### 1.6. Rialacháin a Bhaineann le Maoiniú

a) Ní thacófar le hiarratais ar chláir sheachtracha seachas sa chás nach bhfuil clár den chineál céanna á thairiscint ag Ollscoil na Gaillimhe. Déanfaidh aonad an chomhalta foirne cómhaoiniú ar chláir den sórt sin go leibhéal 50%.

b) Mura bhfuil clár den chineál céanna ar fáil go hinmheánach, €8,000 sa bhliain an uastáille tacaíochta a cheadaítear faoin scéim.

c) Ní mhaoineofar an costas a bhainfidh le clár staidéir nó le scrúduithe a athshuí.

d) I gcás comhaltaí foirne atá ag tabhairt faoi PhD páirtaimseartha, ní chuirfear maoiniú ar fáil seachas i gcás na gcéad sé bliana a mbeidh siad cláraithe ar an gclár PhD.

e) Is don táille theagaisc amháin a chuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil.

f) Na comhaltaí foirne féin a bheidh freagrach as aon tobhaigh[2] a bhaineann leis an gclár nó as costais amhail taisteal agus lóistín.

g) Ní chuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil seachas sa chás nach bhfuil scéimeanna maoinithe eile (deontais rialtais, etc.) ar fáil do na hiarratasóirí.

h) I gcás na Foirne Teicniúla tá feidhm ag an nós imeachta comhaontaithe atá ann maidir le scéim deontais tuarastail 10% do Theicneoirí Sinsearacha/do Phríomhtheicneoirí i gcónaí.

i) I gcás leanaí agus céilí Comhaltaí Foirne, beidh feidhm go fóill ag na lamháltais maidir le táillí atá ann mar a leagtar amach sa Pholasaí Airgeadais agus sna Nósanna Imeachta maidir le Lamháltais Táillí na Foirne iad. Policies & Procedures - University of Galway

### 1.7. Freastal ar an gClár

Má chiallaíonn freastal ar chlár oideachais nó oiliúna go mbeidh gá le ham saor a thabhairt do chomhalta foirne óna c(h)uid oibre, nó má tharlaíonn nach mbeidh sé/sí ar fáil, nó nach mbeidh sé/sí in ann ag an ngnáthualach oibre de bharr riachtanais chláir a bhfuil tacaíocht á fáil aige/aici ina leith faoin Scéim seo, caithfidh an Ceann Aonaid socruithe a dhéanamh leis an easpa sin a chumhdach as na hacmhainní san Aonad.

Ba cheart go mbeadh an Ceann Aonaid ar an eolas faoi riachtanais an chláir a bhfuil an comhalta foirne ag tabhairt faoi ó thaobh sceideal agus scrúduithe an chúrsa agus saoire staidéir de. Féach Aguisín II den pholasaí seo chun teacht ar threoirlínte maidir le Saoire Staidéir agus Scrúdaithe.

### 1.8. Iarratas a dhéanamh

Sula gcuireann iarratasóirí isteach ar an scéim, ba cheart dóibh a bheith cinnte den mhéid seo a leanas:

---

[2] Caithfidh gach mac léinn Tobhach na Mac Léinn a íoc i leith seirbhísí do mhic léinn (cúram sláinte, etc.) Roinntear an táille iarchéime in dhá cuid: an táille theagaisc agus tobhach na mac léinn. Is féidir teacht ar eolas faoi sin ar láithreán gréasáin Oifig na dTáillí: Student fees - University of Galway

a) Gurb é an clár ar mian leo iarratas a dhéanamh air an rogha is saoire agus is mó a bhaineann le hábhar.

b) Go gcomhlíonann siad riachtanais iontrála an chláir agus na critéir maidir le tacaíocht mhaoinithe.

c) Go bhfaighidh siad tacaíocht óna gCeann Aonaid.

Ba cheart iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais chuí, is féidir an fhoirm chuí a íoslódáil ó láithreán gréasáin an aonaid Foghlama agus Forbartha: https://www.universityofgalway.ie/human-resources/learning-and-development/funding-support/

A luaithe a bheidh an chuid den fhoirm a bhaineann leis nó léi líonta ag an iarratasóir ba cheart dó/di an fhoirm iarratais a chur chuig a C(h)eann Aonaid lena s(h)íniú agus lena t(h)uairim a fháil. Ní mór foirmeacha iarratais líonta a chur chuig aonad Forbartha na hEagraíochta agus na gComhaltaí Foirne (an Oifig Acmhainní Daonna) faoin dáta deiridh (cuirfear ríomhphost chuig an bhfoireann faoin dáta deiridh agus beidh sé ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin an aonaid Foghlama agus Forbartha ag https://www.universityofgalway.ie/human-resources/learning-and-development/funding-support/

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais taobh istigh de 4 seachtaine ón dáta a ndéanfaidh siad iarratas.

Glacfar le hiarratais ar PhD ón bhfoireann acadúil agus déanfar iad a mheas i rith na bliana acadúla.

Má bhíonn aon easaontas ann idir an comhalta foirne agus a C(h)eann Aonaid maidir leis an iarratas ar chlár, tionólfar painéal neamhspleách Achomharc ar a mbeidh beirt ionadaithe bainistíochta agus beirt ionadaithe ceardchumainn. Tá téarmaí tagartha an Phainéil Achomhairc i gceangal leis seo in Aguisín 3.

**Nuair a bheidh iarratas á dhéanamh agat, tabhair aird ar na rialacháin seo a leanas:**

1. Diúltófar iarratais mura mbíonn siad ag cloí le haon cheann de na critéir maidir le tacaíocht mhaoinithe nó mura gcomhlíonann an t-iarratas an riachtanas NQF.

2. Má thosaítear ar chlár gan lamháltas táille a bheith faighte roimh ré, is ar an gcomhalta foirne a bheidh an dualgas an táille a íoc.

3. Má thugtar faoi chlár taobh amuigh den Ollscoil, déanfar an t-aisíoc cuí ar an leibhéal ceadaithe leis an té atá i gceist nuair a thabharfaidh sé/sí admháil ar an táille atá íoctha nó déanfar íocaíocht leis an Institiúid chuí a phróiseáil bunaithe ar an sonrasc cuí a sheoladh chuig an Aonad Foghlama agus Forbartha.

4. Beidh faomhadh ar mhaoiniú de dhíth ar bhonn bliantúil do chomhaltaí foirne atá i mbun clár staidéir go hinmheánach agus go seachtrach. Sula ndéantar an faomhadh sin, beidh fianaise ar phas a bheith faighte sna scrúduithe a bhaineann le hábhar, nó fianaise ar dhul chun cinn ar bhealach eile de dhíth. Forbairt na hEagraíochta agus na gComhaltaí Foirne a dhéanfaidh an méid sin a riar.

**1.9. Aisíoc ar Mhaoiniú**

a) **Cláir inmheánacha a maoiníodh:** Sa chás go bhfágfaidh iarratasóir ar éirigh leis/léi a p(h)ost san Ollscoil le linn dó/di a bheith ag staidéar, beidh air/uirthi táillí a aisíoc ar bhonn pro-rata. Cuirfidh an Ollscoil cúinsí pearsanta san áireamh.

b) **Cláir sheachtracha a maoiníodh:** Beidh ar chomhaltaí foirne a fhágfaidh a bpost san Ollscoil le linn dóibh a bheith ag staidéar nó taobh istigh de dhá bhliain i ndiaidh dóibh an cúrsa a chríochnú, costas na tacaíochta a cuireadh ar fáil a aisíoc ar bhonn pro-rata. Ní bhainfidh an coinníoll seo le taighde PhD de bharr fasaigh agus de bharr chineál na hoibre sin. Cuirfidh an Ollscoil cúinsí pearsanta san áireamh.

Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí foirne dhá bhliain fostaíochta a chríochnú le Ollscoil na Gaillimhe tar éis dóibh an cúrsa a chríochnú. Má fhágann comhalta foirne fostaíocht na hOllscoile laistigh de dhá bhliain ó chríochnú an chúrsa, beidh an táille seo a leanas inaisíoctha ag an bhfostaí leis an Ollscoil:

Má fhágann sé/sí laistigh de 12 mhí ó chríochnaigh an cúrsa 100% le haisíoc
Má fhágann sé/sí laistigh de 12-18 mí ó chríochnaigh an cúrsa 75% le haisíoc
Má fhágann sé/sí laistigh de 18-24 mí ó chríochnaigh an cúrsa 50% le haisíoc

c) **Éirí as clár staidéir:** Sa chás go dteipfidh ar chomhalta foirne clár a bhí faofa a chríochnú, beidh ar an gcomhalta foirne costas na tacaíochta a cuireadh ar fáil a aisíoc ar bhonn pro-rata. Cuirfidh an Ollscoil cúinsí pearsanta san áireamh.

### 1.10. Measúnacht

Ag deireadh gach bliana acadúla, beidh ar chomhalta foirne a bhfuil rún aige/aici dul ar aghaidh lena c(h)lár staidéir torthaí scrúduithe a chur ar fáil. I gcás comhaltaí foirne atá ag tabhairt faoi PhD, beidh orthu tuairisc shásúil ar dhul chun cinn a fháil ó stiúrthóir an PhD. Nuair a bheidh an clár staidéir críochnaithe, beidh ar an gcomhalta foirne tuairisc mheasúnaithe a chur ar fáil ina luafar a luachmhaire a bhí an clár ar thug sé/sí faoi óna t(h)aobh féin de agus ó thaobh na hOllscoile de.

## 2.0 Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Úinéir an Pholasaí |
| Bainisteoir Foghlama & Forbartha | A chinntiú go ndéantar an polasaí a choinneáil cothrom le dáta |

**Aguisín 1**

**3.0 Áirítear ar na cláir a chumhdaítear faoin Scéim seo:**

- Scrúduithe Comhlachtaí Gairmiúla.
- Cáilíochtaí acadúla nó gairmiúla a bhaineann le réimse oibre an iarratasóra nó a mbainfidh an Ollscoil, an Coláiste, an Scoil nó an tSeirbhís Tacaíochta tairbhe astu.
- An Teastas Iarchéime, an Dioplóma Iarchéime agus an Mháistreacht i dTeagasc & Foghlaim san Ardoideachas.
- An Teastas Iarchéime, an Dioplóma Iarchéime agus an Mháistreacht sna hEolaíochtaí Sláinte (Teagasc Cliniciúil).
- Ardteastas/Ard-Dioplóma.
- Dioplóma Iarchéime.
- Cáilíocht chéime.
- Cáilíocht mháistreachta.
- Cáilíocht PhD.

**Aguisín 2**
**4.0 Treoirlínte do Shaoire Staidéir**

Bíonn comhaltaí foirne i dteideal saoire speisialta le pá, de ghnáth, le staidéar a dhéanamh do scrúduithe a áirítear mar chuid de na cúrsaí. Is féidir suas le lá amháin saoire staidéir in aghaidh gach ábhair scrúdaithe a dheonú ar dhátaí a bheidh ceadaithe, gan dul thar 5 lá saoire le pá in aon bhliain amháin.

Chomh maith le saoire staidéir, tabharfar saoire speisialta an lá a mbeidh an scrúdú ann, bíodh an scrúdú sin ann taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre nó ná bíodh.

Is faoin mbainistíocht a bhíonn sé saoire staidéir agus scrúdaithe a cheadú agus ba cheart go socrófaí sin i gcomhar leis an gCeann Aonaid sula dtosaíonn an cúrsa.

**N.B**.: Caithfidh tú a chur in iúl don Cheann Aonaid go mbeidh tú ag freastal ar chúrsa a mbeidh saoire staidéir/saoire scrúdaithe i gceist leis sula dtosaíonn an cúrsa.

**Aguisín 3**
**Téarmaí Tagartha do Phainéal Achomhairc FEP**

Prionsabal ginearálta a bhaineann leis na nósanna imeachta is ea go bhfuil ceart ag iarratasóirí cinneadh a dhéanann grúpa FEP a achomharc. Tá sé de cheart ag Painéal Achomhairc FEP seasamh leis an gcinneadh bunaidh, é a laghdú nó é a tharraingt siar. Beidh comhaltaí an phainéil ar comhchéim nuair a bheidh siad ag éisteacht achomhairc agus is trí chomhréiteach a thiocfar ar chinntí de ghnáth.

1. Ní mór achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus é a bheith faighte ag an oifig Acmhainní Daonna laistigh de 10 lá oibre ón lá a gcuirtear cinneadh bunaidh an ghrúpa FEP in iúl, achomharc ina ndéanfar cur síos soiléir ar na forais ar a mbeidh an t-achomharc á éisteacht.

2. Nuair a bheidh iarratas ar achomharc faighte, tionólfar painéal Achomharc FEP; painéal neamhspleách a bheidh ann ar a mbeidh beirt ionadaithe ón bhfoireann bainistíochta agus beirt ionadaithe ceardchumainn.

3. Cuirfear cinneadh an phainéil achomharc, ar cinneadh críochnaitheach é, in iúl don fhostaí i scríbhinn taobh istigh de chúig lá oibre ón éisteacht.